

Dréacht Phlean Corparáideach 2019-2023

Fís na Comhairle:

Mar Chomhairle uaimhianach ba mhaith linn ár gCeantar a bheith ar na háiteanna is fearr do dhaoine a bheith ina gcónaí ann, ag obair ann, ag infheistiú ann agus ar cuairt ann.

Ba mhaith linn:

- deiseanna a chruthú do mhuintir na háite agus ár bpobail a bheith faoi bhláth trí fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíochta a chuidíonn leo sásamh a bheith acu ina saoil;
- cumas a chur ar ár gCeantar a bheith ina áit tharraingteach agus atá fáiltiúil do dhaoine atá ar cuairt ag déanamh gnó ann;
- stíleanna maireachtála níos sláintiúla agus níos gníomhaí a chur chun cinn;
- tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bheith sábháilte comhtháite mar phobal agus a bheith gníomhach sa saol poiblí;

- ár dtimpeallacht a chosaint agus a fhorbairt ionas go mbeidh cónaitheoirí agus cuairteoirí an lae inniu in ann tairbhe a bhaint aisti agus ar mhaithe le glúnta atá le teacht;
- áiseanna agus seirbhísí comhaimseartha, inacmhainne agus inrochtana a chur ar fáil, a thugann caighdeán saoil níos fearr do chách – go háirithe do dhaoine agus in áiteanna a bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil uathu.

Lenár bhfís a chur i gcrích, beidh muid ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe uilig agus le páirtithe leasmhara san earnálacha poiblí, príomháideacha agus deonacha trí Phleanáil Phobail, lenár gcomhghleacaithe sa Rialtas Áitiúil, thuaidh agus theas, agus le ranna an Rialtais Láir.

Misean na Comhairle:

“Tacú le Ceantar atá fáiltiúil, forásach, sláintiúil agus inbhuanaithe, agus a thugann torthaí níos fearr do chách i gcás chúrsaí eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta”.

Luachanna na Comhairle

Is cuid bhunúsach dár gcuid oibre iad na cúig Luach agus beidh siad d'ár stiúradh i ngach rud a dhéanann muid:

Comhoibríoch

Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le daoine agus grúpaí eile.

Freagrúil

Éistfidh muid agus glacfaidh muid go hoscailte agus go dearfach leis na tuairimí atá ag gach duine.

Mealltach

Tabharfaidh muid rannpháirt do chónaitheoirí agus bhaill foirne chun riachtanais a aimsiú agus seirbhísí a fheabhsú.

Inbhuanaithe

Nuachóireoidh agus athróidh muid ár seirbhísí leis an Cheantar a fhorbairt do phobal an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht.

Trédhearcach

Déanfaidh muid ár gcinntí ar leithdháileadh sheirbhísí agus acmhainní go hoscailte agus le fianaise oibiachtúil.

Chun muid a chur ar ár gcumas ár Misean a chur i gcrích agus ár bhFís a fhíorú beidh muid ag díriú ar 8 gCuspóir Straitéiseach thar na 4 bliana atá romhainn:-

Beidh muid:-

- ag infheistiú i ngnólachtaí nua agus ag tacú le cruthú agus scileanna fostaíochta
- ag leanstan ar aghaidh le sláinte agus folláine a fheabhsú do chách sa cheantar agus chun neamhionannas sláinte a laghdú
- ag feabhsú, ag cosaint agus ag cur ár dtimpeallachta chun cinn
- ag tacú le cineálacha inbhuanaithe turasóireachta a chothaíonn meas an phobail ar ár dtimpeallacht agus ár n-oidhreacht chultúrtha
- ag cur ar chumas an phobail agus ag tacú le daoine páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla a chuireann gach duine sa phobal san áireamh
- ag cur athbheochan ár gcathrach, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár bpobal tuaithe chun cinn
- ag cur seirbhísí so-aimsithe, ardchaighdeáin, comhtháite ar fáil trí fheabhsú leanúnach
- ag tacú le daoine eile ar mhaithe le tairbhe phobal an Cheantair ar fad

Roimh dheireadh na tréimhse ceithre-bliana seo ba mhian linn na spriocanna seo a bhaint amach:-

- Méadú in infheistíocht bhonneagair a chuideoidh le fás eacnamaíoch an cheantair sa toadhchá
- Infheistíocht fheabhsaithe i dtairiscint turasóireachta inbhuanaithe
- Níos mó daoine ag glacadh páirte i dtionsnaimh shonraithe shláinte chun nósanna níos sláintiúla maireachtála a chothú
- Laghdú leanúnach sa mhéid dramhaíl in-bhithmhille bhardasach a seoltar go líonadh talún
- Lárionad nua Cathrach chomh maith le háiseanna úra agus feabhsaithe comhdhála agus amharclainne
- Pobail chumhachtaithe ag dul i bhfeidhm ar sheirbhísí agus fhorbairt áitiúil
- Comhairle atá go hiomlán athraithe i dtaca le soláthar seirbhísí
- Comhairle chumhachtach agus údárasach a n-oibríonn ar son a cuid saoránach